Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Buiséid

2025/0222(COD)

23.6.2026

MEASÚNÚ BUISÉADACH

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888

(COM(2025)0549 – C10-0170/2025 – 2025/0222(COD))

Rapóirtéir don mheasúnú buiséadach: Lucia Yar

PA_LegEvaluation

MEASÚNÚ BUISÉADACH

chuig an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888

(COM(2025)0549 – C10-0170/2025 – 2025/0222(COD))

Tá measúnú buiséadach ar an togra déanta ag an gCoiste um Buiséid, de bhun Riail 58, inar thángthas ar an tátal seo a leanas:

Tá an Coiste um Buiséid,

A. de bhrí gur clár suaitheanta de chuid an Aontais é Erasmus+ a thacaíonn leis an oideachas, an oiliúint, an óige agus an spórt, chomh maith le saorálaíocht agus saoránacht ghníomhach sa chlárthréimhse amach anseo, agus a bhfuil ról lárnach aige maidir le luachanna Eorpacha, comhar trasteorann agus rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn;

B. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag clár Erasmus+ maidir le soghluaisteacht foghlama thar lear a fhorbairt agus go bhfuil tionchar dearfach aige ar dhearcthaí na rannpháirtithe i leith an Aontais, rud a mhéadaíonn a mbraistint féiniúlachta Eorpaí, rud a thugann breisluach an Aontais;

C. de bhrí go neartaíonn clár Erasmus+ caipiteal daonna, soghluaisteacht agus scileanna agus, dá bhrí sin, go gcuireann sé le hiomaíochas na hEorpa, le comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch agus le hAontas na Scileanna a chruthú;

D. de bhrí gur sháraigh an t-éileamh ar rannpháirtíocht i gclár Erasmus+ trí chlárthréimhsí roimhe seo na hacmhainní airgeadais atá ar fáil den chuid is mó, rud a fhágann go bhfuil laghdú tagtha ar dheiseanna rannpháirtíochta agus go bhfuil líon suntasach tionscadal fós gan chistiú;

E. de bhrí gur iarradh i dtuarascáil Draghi go méadófaí buiséad chlár Erasmus+ faoi chúig chun a uaillmhian a bhaint amach maidir le deiseanna soghluaisteachta a chur ar fáil do gach duine óg san Aontas; de bhrí gur coinníoll straitéiseach í an infheistíocht san oideachas, i scileanna agus i gcaipiteal daonna do tháirgiúlacht, iomaíochas agus athléimneacht fhadtéarmach na hEorpa;

F. de bhrí go bhfuil tionchar ar leith ag costais mhaireachtála atá ag ardú a sháraíonn na meánleibhéil deontais do go leor cathracha ar an gclár, chomh maith le rátaí arda boilscithe thar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) reatha, ar chruthaigh an dá cheann acu bacainní ar rannpháirtíocht daoine óga ó chúlraí nach bhfuil chomh pribhléideach céanna agus ó Bhallstáit a bhfuil cumhacht ceannaigh níos ísle acu, go háirithe ó Lár agus Oirthear na hEorpa;

G. de bhrí go raibh tionchar dearfach ag an tsaorálaíocht, a raibh clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ró-shuibscríofa go mór mar cheannasaí uirthi, maidir le rannchuidiú le hinniúlachtaí ceannaireachta an Aontais agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin shóisialta agus dhomhanda ar fud an domhain;

1. á mheas gur cheart imchlúdach chlár Erasmus+ a mhéadú ó EUR 40 827 000 000 i bpraghsanna reatha go EUR 47 387 963 000 i bpraghsanna reatha (EUR 42 000 000 000 i bpraghsanna 2025) lena gcuirfear ar a chumas a ghníomhaíochtaí rathúla a shaothrú; á mheabhrú gur gá comhtháthú optamach chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a áirithiú;

2. ag meabhrú spriocanna an Mholta ón gComhairle ‘An Eoraip ag Gluaiseacht’[1], arb é is aidhm dó a áirithiú, san ardoideachas, go mbeidh 23 % ar a laghad de sciar na gcéimithe a mbeidh taithí ar shoghluaisteachta foghlama thar lear acu, agus in earnáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, go mbeidh 12 % ar a laghad de sciar na bhfoghlaimeoirí gairmoideachais a bhainfidh tairbhe as taithí ar shoghluaisteachta foghlama thar lear; á thabhairt chun suntais, chun na spriocanna sin a bhaint amach, gur cosúil nach leor an buiséad atá beartaithe agus go bhfuil gá le méadú;

3. á mheas nach mór acmhainní leordhóthanacha, lena n-áirítear acmhainní daonna, teicniúla agus TF, a bheith ar fáil ón tús agus le linn chlárthréimhse iomlán CAI 2028-2034 chun cur chun feidhme éifeachtach chlár Erasmus+ a áirithiú;

4. á chur in iúl gur saoth léi an easpa miondealaithe ar bhuiséad chlár Erasmus+, go háirithe i gcomparáid leis an staid sa CAI reatha; ag tabhairt dá haire go dtabharfadh sé sin saoirse mhór don Choimisiún chun tosaíochtaí caiteachais a athrú agus cinntí a dhéanamh ina dtaobh le linn cur chun feidhme; á chur i bhfáth nár cheart go rachadh simpliú agus solúbthacht chun dochair do thrédhearcacht agus d’fhormhaoirseacht an údaráis bhuiséadaigh; á mholadh, dá bhrí sin, go n-áireofaí sa bhunghníomh fo-imchlúdaigh iomchuí do thrí réimse, eadhon, ‘oideachas agus oiliúint’, ‘an óige agus saorálaíocht’ agus ‘spórt’, chun intuarthacht, trédhearcacht agus cur chun feidhme éifeachtach réimsí sin an chláir a áirithiú;

5. á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil ainmníocht bhuiséadach tháscach atá mionsonraithe go leor ann a mholtar sa Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach (LFDS); á mheas go gcuirfidh sé sin bac ar fhormhaoirseacht agus ar chumas an údaráis bhuiséadaigh tosaíochtaí beartais a stiúradh go beacht sa nós imeachta buiséadach bliantúil; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go méadódh an t-ollstruchtúr buiséadach ró-chomhiomlánaithe lánrogha an Choimisiúin maidir le hacmhainní a aistriú agus a ath-leithdháileadh gan cinneadh ón údarás buiséadach, agus go gcuirfeadh sé teorainn mhór le formhaoirseacht pharlaiminteach; á mholadh, dá bhrí sin, go mbeadh ainmníocht níos mionsonraithe lena léirítear i gceart cuspóirí agus struchtúr Erasmus+ agus lena bhfeabhsaítear trédhearcacht, cuntasacht agus rialú parlaiminteach;

6. á mheabhrú nach mór don ainmníocht bhuiséadach Airteagal 47(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[2] (an Rialachán Airgeadais) a chomhlíonadh, lena bhforáiltear nach

[1] Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 ‘An Eoraip ag Gluaiseacht’ — deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách (IO C, C/2024/3364, 14.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3364/oj).
[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024

mór gach teideal a bheith comhfhreagrach do réimse beartais agus go mbeadh gach caibidil comhfhreagrach, mar riail, do chlár nó do ghníomhaíocht, i gcomhréir le prionsabail na sonraíochta, na bainistíochta fónta airgeadais agus na trédhearcachta; á mholadh don Choiste um Chultúr agus um Oideachas an togra a leasú chun iarscríbhinn a áireamh lena saineofar ainmníocht Erasmus+; á áitiú gur dlúthchuid de sheasamh caibidlíochta na Parlaiminte í an ainmníocht bhuiséadach agus nach mór í a phlé i gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha; á mheas, i ndáil leis an méid sin, nach mór LFDS athbhreithnithe a bheith mar chuid den chomhaontú polaitiúil críochnaitheach;

7. á áitiú gur coinníoll í reachtaíocht atá mionsonraithe agus fónta go leor, le leibhéal iomchuí rialachais, le haghaidh cinnteoireacht bhuiséadach chuí agus formhaoirseacht pharlaiminteach leormhaith le linn chur chun feidhme an bhuiséid; á mholadh go dtabharfaí isteach forálacha chun rialú ar an gcaoi a ndéantar an buiséad a shlógadh agus a chaitheamh a neartú;

8. á chreidiúint nach mór gach rogha shubstainteach beartais amhail cuspóirí an chláir, tosaíochtaí caiteachais, leithdháiltí airgeadais, rátaí cistiúcháin, incháilitheacht, critéir roghnúcháin agus dhámhachtana, coinníollacha agus sainmhínithe a chinneadh sa bhunghníomh, agus lánurraim á tabhairt do shainphribhléidí na Parlaiminte mar chomhreachtóir agus mar bhrainse amháin d'údarás buiséadach an Aontais, agus nach mór aon ghnéithe neamhriachtanacha lena mbaineann roghanna beartais nach n-áirítear sa bhunghníomh a ghlacadh trí ghníomhartha tarmligthe, lena n-áirítear cláir oibre;

9. á iarraidh go ndéanfaí simpliú ar nósanna imeachta riaracháin agus ar cheanglais tuairiscithe d'eagraíochtaí nua, d'eagraíochtaí beaga agus d'eagraíochtaí a bhfuil acmhainneacht riaracháin níos lú acu, lena n-áirítear castacht cur i bhfeidhm a laghdú agus rialacha a chomhchuibhiú ar fud gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar ghlacadh an chláir ag na tairbhithe sin; á chur i bhfios go bhféadfadh scéimeanna sásraí cistiúcháin, lena n-áirítear rialacha a bhaineann le réamh-mhaoiniú agus cómhaoiniú, a bheith ina mbacainní ar rannpháirtíocht do na cineálacha sin eagraíochtaí agus, dá bhrí sin, á mholadh go ndéanfaí athbhreithniú ar na forálacha sin;

10. á iarraidh go mbeadh sineirgí éifeachtacha ann idir Erasmus+ agus cláir eile, go háirithe an Ciste Eorpach um Iomaíochas, Fís Eorpach, an Eoraip Dhomhanda agus na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (pleananna CNR), chomh maith le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus AgoraEU; á chur i bhfáth nár cheart go rachadh sineirgí feabhsaithe idir ionstraimí chun dochair d'inrianaitheacht caiteachais ná do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh; á chur i bhfios go láidir nach mór rannchuidiú Erasmus+ le hoibríochtaí arna maoiniú i gcomhpháirt le hionstraimí eile a bheith inaitheanta go sainráite ag gach céim den timthriall buiséadach; á chur i bhfáth, ina leith sin, nach mór aon ranníocaíocht den sórt sin a léiriú go cuí sa ráiteas feidhmíochta cláir do chlár Erasmus+; á áitiú go gcoinneodh an t-údarás buiséadach smacht iomlán ar an gcaoi a ndéantar acmhainní a chomhcheangal ar fud ionstraimí agus ar rannchuidiú éifeachtach gach cláir le tosaíochtaí an Aontais, go sonrach trí ainmníocht bhuiséadach mhionsonraithe; á chur i bhfáth nár cheart castacht dhíréireach do thairbhithe a bheith mar thoradh ar chomhlántacht fheabhsaithe idir cláir; á iarraidh go mbeadh cistiú an Aontais níos soiléire, níos inrochtana agus níos comhleanúnaí chun

---

maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

glacadh a éascú agus chun tionchar na n-infheistíochtaí a uasmhéadú;

11. á mholadh, chun tógáil Aontas na Scileanna a chothú agus iomaíochas an Aontais a fheabhsú, gur cheart aird ar leith a thabhairt ar shineirgí idir clár Erasmus+ agus an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus Fís Eorpach; ag tabhairt dá haire go bhféadfar a áireamh ar na sineirgí sin ranníocaíochtaí airgeadais ó chláir eile de chuid an Aontais, go háirithe an Ciste Eorpach um Iomaíochas, lena rannchuidítear leis na scoláireachtaí atá á dtabhairt isteach in Erasmus+ agus a thagann faoi cheann amháin nó níos mó de na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 1 den rialachán atá beartaithe maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas[3], agus go gcuirfeadh Fís Eorpach breisluach ar fáil maidir le rannchuidiú leis na comhpháirtíochtaí le haghaidh barr feabhais agus nuálaíochta, lena n-áirítear le haghaidh turas rianúil daoine óga atá ag tabhairt faoi ghairm sa taighde, go háirithe comhpháirt Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCA) den cholún 'Eolaíocht den Scoth' den rialachán atá beartaithe maidir le Fís Eorpach a bhunú[4]; á mholadh go mbeadh plean gníomhaíochta ón gCoimisiún ina leagfaí amach na deiseanna le haghaidh sineirgí le cláir eile agus conas iad a oibríochtú ina chéim thábhachtach i dtreo sineirgí den sórt sin a bhaint amach sa chleachtas;

12. á mheabhrú gur léirigh dea-chleachtais ó Bhallstáit éagsúla gur féidir le CSE+ a bheith ina ghné chomhlántach thábhachtach de chlár Erasmus+, go háirithe maidir le gné an chuimsithe den chlár a fheabhsú agus rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a chothú; á áitiú, agus CSE+ ina dhlúthchuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (Ciste CNR) faoi CAI 2028-2034, go bhfuil sé ríthábhachtach na sineirgí agus an chomhlántacht sheanbhunaithe idir an clár agus Ciste CNR agus pleananna CNR a cheadú agus tacú leo;

13. á chur i bhfáth nach mór úsáid ioncaim shannta sheachtraigh faoi chlár Erasmus+ a theorannú go soiléir, a bheith go hiomlán trédhearcach agus faoi réir grinnscrúdú parlaiminteach éifeachtach; ag cur sonrú, ina leith sin, sna forálacha a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais breise ó aon tríú tír rannpháirteach agus ó thríú páirtithe eile; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé inrianaitheacht ioncaim shannta sheachtraigh a áirithiú; á chur i bhfios go láidir, dá ndéanfadh an Coiste um Chultúr agus um Oideachas breithniú ar fhorálacha a bhaineann le hioncam sannta seachtrach a leasú, gur cheart é sin a dhéanamh i gcomhar leis an gCoiste um Buiséid agus leis na coistí eile chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú;

14. á aithint gur féidir le ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach, a bheith tairbheach do Erasmus+; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór ranníocaíochtaí den sórt sin a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, go háirithe maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht.

---

[3] togra ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) [EDIP] (COM(2025)0555).

[4] togra ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695 (COM(2025)0555).

15. ag meabhrú an togra le haghaidh rialachán maidir le creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile a bhunú do chláir agus do ghníomhaíochtaí an Aontais (an ‘rialachán feidhmíochta’), lena mbunaítear liosta cuíchóirithe aonair le haghaidh táscairí feidhmíochta agus forálacha faireacháin agus meastóireachta, a bhfuil cuid acu ábhartha do Erasmus+; á chur i bhfios go láidir gur gá aon athrú ar an ollstruchtúr, ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí incháilithe faoin gclár a léiriú go hiomchuí in Iarscríbhinn I den rialachán feidhmíochta, mar chuid den phróiseas chun an rialachán sin a leasú agus a chaibidliú; á chur i bhfios, cé gur féidir le reachtaíocht earnála an rialachán feidhmíochta a fhorlíonadh, mar shampla maidir le meastóireachtaí ar chláir, gur cheart go leanfadh sé de bheith comhsheasmhach le forálacha an rialacháin sin;

16. á mheabhrú, faoi Airteagal 6(2) agus 6(3) den Rialachán Airgeadais, go bhfuil feidhm ag córas ginearálta coinníollachta maidir le bunú agus cur chun feidhme an bhuiséid i gcás sáruithe ar an smacht reachta; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, go gceanglaítear le hAirteagal 6(3) den rialachán céanna nach mór do na Ballstáit agus don Choimisiún, agus an buiséad á chur chun feidhme acu, a áirithiú go gcomhlíonfar Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go n-urramófar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfaí scagadh *ex-ante* cuimsitheach sa phróiseas nós imeachta dámhachtana faoin gclár;

17. á áitiú, i gcásanna sáruithe ar an smacht reachta ag rialtais náisiúnta agus gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán 2020/2092, gur cheart don Choimisiún féachaint ar bhealaí chun a áirithiú gur féidir le tairbhithe agus faighteoirí deiridh féideartha leanúint de thairbhe a bhaint as cistiú ón Aontas; á chur i bhfáth go bhfuil an prionsabal sin i gcroílár cur chuige ‘coinníollacht chliste’;

18. á iarraidh go ndéanfaí 75 % ar a laghad de bhuiséad an chláir a chur chun feidhme faoi bhainistiú indíreach, lena n-áiritheofaí leibhéal leormhaith intuarthachta acmhainní do na gníomhaireachtaí náisiúnta; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá laghduithe suntasacha ar an mbuiséad bliantúil a leithdháiltear ar na Ballstáit a sheachaint ó bhliain go bliain; á chur i bhfáth gur cheart sásraí láidre maoirseachta agus tuairiscithe a bheith ag gabháil leis an mbainistiú sin, lena n-áirítear coimircí leormhaithe maidir le trédhearcacht, dea-rialachas agus coinbhleachtaí leasa a chosc, chun úsáid éifeachtach acmhainní a áirithiú;

19. á mheabhrú gur cosúil go bhfuil leibhéal neamhleor cistiúcháin ar cheann de na bacainní is mó ar rannpháirtíocht sa chlár, go háirithe do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu, rud nach gcuireann san áireamh i mórán cásanna na costais mhaireachtála agus chothaithe sa tír óstach, rátaí boilscithe nó módúlachtaí cóiríochta do mhic léinn; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú domhain a dhéanamh ar an gcóras atá ann faoi láthair chun rialacha cistiúcháin a leagan síos do dheontais soghluaisteachta faoin gclár chun a áirithiú go gcuirfear méideanna deontais in oiriúint do riachtanais na ndaoine atá rannpháirteach sna soghluaisteachtaí, agus chun gné cuimsithe chlár Erasmus+ a fheabhsú, chomh maith le rannpháirtíocht níos leithne a chumasú agus tacú le rannpháirtithe féideartha a bhfuil srianta airgeadais orthu;

20. á áitiú go mbeadh comhar struchtúrtha ann le gníomhaireachtaí náisiúnta agus na cláir oibre agus na rialacha cistiúcháin athbhreithnithe á n-ullmhú;

21. á chur i bhfáth gur gá na huirlisí is gá a thabhairt don chlár chun freagairt go héifeachtach do chásanna géarchéime a dhéanann difear do rannpháirtithe, lena n-áirítear coinbhleachtaí armtha, éagobhsaíocht gheopholaitiúil, paindéimí nó mórshuaitheadh eile.

LEASUITHE

Mar chuid dá mheasúnú buiséadach, cuireann an Coiste um Buiséid na leasuithe seo a leanas ar an togra i láthair freisin:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil níos solúbtha agus le cláir chaiteachais an Aontais. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí chlár Erasmus+, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa, agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú do chur chun feidhme an bhuiséid.	9. I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil níos solúbtha agus le cláir chaiteachais an Aontais. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí chlár Erasmus+, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa, agus intuarthacht, ***trédhearcacht agus cuntasacht*** leordhóthanach á háirithiú do chur chun feidhme an bhuiséid. ***Ba cheart an gá atá le solúbthacht a chothromú, áfach, leis an ngá atá le cistiú ilbhliantúil intuartha, inbhuanaithe agus cobhsaí chun cumas na dtairbhithe a chaomhnú tionscnaimh soghluaisteachta agus fothaithe acmhainneachta ardcháilíochta, atá mar chroílár an Chláir, a dhearadh, a phleanáil agus a chothú.***

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
38. Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na	38. Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais.	hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais. ***I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ('an Rialachán Airgeadais'), le cur chun feidhme an Chláir ba cheart lánurraim a thabhairt do na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus do na cearta a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.***

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(38a) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] maidir leis an gClár seo. Bunaítear leis córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás sárú ar phrionsabail an Smachta Reachta sna Ballstáit.
	[1a] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 44 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(44a) Tá sé ríthábhachtach go gcuideoidh forálacha an Rialacháin seo, chomh maith lena shocruithe rialachais le cinnteoireacht chuí an údaráis bhuiséadaigh agus le formhaoirseacht pharlaiminteach iomchuí. Go háirithe, i gcomhréir le hAirteagal 47(2) den Rialachán Airgeadais, ba cheart aon sonraíocht ar ollstruchtúr inmheánach an Chláir a léiriú go cuí in ainmníocht an bhuiséid trí línte buiséid comhfhreagracha a thabhairt isteach.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 45 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45a) Níor cheart inrianaitheacht caiteachais ná sainphribhléidí an údaráis bhuiséadaigh a bheith thíos leis an gcomhlántacht idir an Clár agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Ba cheart rannchuidiú an Chláir le gníomhaíochtaí a chistítear go comhpháirteach a bheith in-sainaitheanta go sainráite ag gach céim den timthriall buiséadach agus ba cheart é a léiriú go cuí sa Ráiteas ar Fheidhmíocht an Chláir.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 45 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45b) Gach bliain, ba cheart d'údarás náisiúnta Erasmus agus don ghníomhaireacht náisiúnta dá dtagraítear

in Airteagail 18 agus 19 den Rialachán seo dul i gcomhairle leis an údarás bainistíochta nó leis na húdaráis bhainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) [XXX] [NRPPanna] maidir le sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir Pleananna NRP agus an Clár, lena n-áirítear aistrithe féideartha chuig an gClár. Ba cheart don Choimisiún treoraíocht a thabhairt maidir leis an bpróiseas agus módúlachtaí éagsúla agus ba cheart é a chur ar an eolas faoi thoradh an phlé sin dá réir sin.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 51 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51a) Rinneadh measúnú ar impleachtaí an Rialacháin seo ar bhuiséad an Aontais[+] i gcomhréir le hAirteagal 310(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha airgeadais, TF agus daonna a sholáthar dá chur chun feidhme, agus tionchar an mhaoinithe ar chláir nó beartais eile de chuid an Aontais á bhreithniú an tráth céanna agus go n-áiritheofaí a chomhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil, leis an gcóras acmhainní dílse agus leis an gcomhaontú idirinstitiúideach comhfhreagrach, chomh maith leis na prionsabail bhuiséadacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[+] ***Pro memoria: Measúnú buiséadach ó Choiste um Buiséid Pharlaimint na hEorpa an (XX) 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena***

mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888 (COM(2025)0549).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Is é EUR ***40 827 000 000*** i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach ***airgeadais táscach*** maidir le cur chun feidhme an ***Chláir*** don tréimhse 2028–2034.	1. Is é ***EUR 47 387 963 000*** i bpraghsanna reatha ***(EUR 42 000 000 000 i bpraghsanna 2025) a shocrófar*** mar imchlúdach an chláir chun an ***Rialachán*** a chur chun feidhme don tréimhse 2028-2034.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais	1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais

incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn pro rata i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.	incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn pro rata i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht. ***Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar shineirgí idir an Clár agus cláir eile de chuid an Aontais sa Ráiteas ar Fheidhmíocht an Chláir a leagtar amach in Airteagal 41(3)(h) den Rialachán Airgeadais agus i ndoiciméid clársceidealaithe agus tuairiscithe ábhartha.***

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina soláthrófar cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar cistiú mar ***mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais nó, i gcás inar gá***, le roghanna costas simplithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní fhéadfar cistiú a sholáthar i bhfoirm aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile.	5. I gcás ina soláthrófar cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar cistiú mar roghanna costas simplithe, i gcomhréir le ***hAirteagal 125 de*** Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní fhéadfar cistiú a sholáthar i bhfoirm aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don mheasúnú buiséadach go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina measúnú buiséadach ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú an mheasúnaithe bhuiséadaigh, go dtí go nglacfar sa choiste é[1], ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach, nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Slovak Academic Association for International Cooperation (SAAIC)
German Academic Exchange Service (DAAD)
Foundation for the Development of the Education System (FRSE)
Czech National Agency for International Education and Research (DZS)
Federal Institute for VET (BIBB)
European Olympic Committees EU Office
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, ní mór don rapóirtéir a dhearbhú go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH MEASÚNÚ BUISÉADACH AIR

Teideal	Bunú chlár Erasmus+ don tréimhse 2028–2034, agus aisghairm Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888
Tagairtí	COM(2025)0549 – C10-0170/2025 – 2025/0222(COD)
An Coiste freagrach/Na coistí freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	CULT 23.10.2025
Measúnú buiséadach ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	BUDG 23.10.2025
Rapóirtéir don mheasúnú buiséadach Dáta an cheapacháin	Lucia Yar 19.1.2026
Pléite sa choiste	8.4.2026
Dáta an ghlactha	23.6.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 27 –: 4 0: 3

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH MEASÚNÚ BUISÉADACH AIR

27	+
ECR	Tobiasz Bocheński, Arkadiusz Mularczyk, Bogdan Rzońca
PPE	Isabel Benjumea Benjumea, Michalis Hadjipantela, Andrzej Halicki, Monika Hohlmeier, Janusz Lewandowski, Gabriel Mato, Danuše Nerudová, Karlo Ressler, Hélder Sousa Silva
Renew	Olivier Chastel, Fabienne Keller, Lucia Yar
S&D	Mohammed Chahim, Matthias Ecke, Nikolas Farantouris, Jean-Marc Germain, Sandra Gómez López, Victor Negrescu, Matjaž Nemec, Nils Ušakovs
An Chlé	João Oliveira
Verts/ALE	Ignazio Roberto Marino, Rasmus Nordqvist, Nicolae Ștefănuță

4	-
ESN	Alexander Jungbluth
NI	Thomas Geisel
PfE	Valérie Deloge, Aleksandar Nikolic

3	0
PfE	Tomasz Buczek, Tamás Deutsch, Antonín Staněk

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh